


Athrú Aeráide

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi thuarascáil eile a dhéanann cur síos ar an ngéarchéim aeráide. Cén Ghaeilge atá ar na focail seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

damage	_____
global warming	_____
small opportunity	_____
species	_____
heat wave	_____
floods	_____
draught	_____
biodiversity	_____
big cutbacks	_____
greenhouse gas emissions	_____
ecosystems	_____
habitats	_____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.



Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cé a d'fhoilsigh an tuarascáil?
2. Cén fáth a bhfuil speiceas crann agus coiréal ag fáil bháis?
3. Cad a dúirt an tOllamh Comhlach Gerard McCarthy faoi Kiribati?
4. Conas is féidir srian a chur le cailteanas beatha agus bithéagsúlachta, de réir an Phainéil?

Ceist 3 Féach ar an mír arís, gan aon fhuaim. Déan cur síos don duine in aice leat ar na híomhánna a fheiceann tú inti.

Ceist 4 i / in **nó** sa / san

Scríobh amach na tíortha seo a leanas i nGaeilge. Tabhair aird ar na réamhfhocail atá in úsáid agat (i / in **nó** sa / san):

In Africa
In Asia
In Central America
In South America
In the Arctic

In Ukraine
In Ireland
In Spain
In China

Ceist 5 ‘...níos duairce...’

Má chiallaíonn ‘duairc’ *gloomy* agus ‘suairc’ *cheerful*, cad is brí leis na focail thíos? Aimsigh a bhfrithchiallaigh agus cuir na focail ar fad in abairtí ansin lena mbrí a léiriú.

dona	_____
doineann	_____
daor	_____
daoirse	_____
daoí	_____
daibhir	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad a mhothaíonn tú nuair a fheiceann tú míreanna teilifíse faoin ngéarchéim aeráide?
2. Conas a chuireann an t-athrú aeráide isteach ar an aimsir san áit a bhfuil tú féin i do chónaí?
3. Cén fáth nach bhfuil an tacaíocht pholaitíochta ann chun dul i ngleic leis an ngéarchéim, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

damage	<i>díobháil</i>
global warming	<i>téamh domhanda</i>
small opportunity	<i>deis bheag</i>
species	<i>speiceas</i>
heat wave	<i>tonn teasa</i>
floods	<i>tuilte</i>
draught	<i>triomach</i>
biodiversity	<i>bithéagsúlacht</i>
big cutbacks	<i>ciorruithe móra</i>
greenhouse gas emissions	<i>astaíochtaí gás ceaptha teasa</i>
ecosystems	<i>éiceachórais</i>
habitats	<i>gnáthóga</i>

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Abair leo na focail faoi cheist 1 a úsáid agus iad ag déanamh cur síos ar an méid a bhfeiceann siad.

Ceist 4

San Afraic
San Áise
I Meiriceá Láir
I Meiriceá Theas
San Artach

San Úcráin
In Éirinn
Sa Spáinn
Sa tSín

Ceist 5

donas (misery)	sonas (happiness)
doineann (stormy weather)	soineann (good weather)
daor (expensive)	saor (cheap)
daoirse (oppression)	saoirse (freedom)
daoí (ignorant person)	saoi (wise person)
daibhir (poor)	saibhir (rich)

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Ní féidir dul siar ar go leor den ndíobháil¹ atá déanta ag téamh domhanda. Is é sin a deirtear i dtuarascáil nua atá foilsithe ag na Náisiúin Aontaithe inniu. Ach, deir údar na tuarascála go bhfuil deis bheag ann fós an chuid is measa den ndíobháil sin a sheachaint. Dúirt Ard-Rúnaí na Náisiúin Aontaithe gurb é seo an tuarascáil is duirce ar chúrsaí aeráide atá feicthe aige riamh.

Peadar Mac Gaoithín

Foláireamh lom atá tugtha sa tuarascáil is deireanaí seo ón Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide. Tá an domhan ag tabhairt aghaidh ar 1.5 céim d'ardú ar théamh domhanda agus an-chuid contúirtí aeráide as seo go ceann scór bliain. Déanfar dochar don phláinéad, nach féidir a leigheas, fiú más go sealadach féin a shárófar an leibhéal téimh seo, a deir an tuarascáil.

Tá speiceas crann agus coiréal ag fáil bháis go forleathan toisc nach bhfuil ainmhithe agus plandaí ábalta cur suas leis an ardú atá tagtha ar líon na dtonn teasa, na dtuille agus na dtriomach. Tá na milliúin daoine ar fud an domhain i mbaol dá bharr, ag éiginnteacht faoi chúrsaí bia agus uisce san Afraic, san Áise, i Meiriceá Láir agus Theas, san Artach agus ar oileáin bheaga go háirithe, a deir an tuarascáil.

An tOllamh Comhlach Gerard McCarthy, Aigéaneolaí, Ollscoil Mhá Nuad

Mar shampla, tá príomhchathair Kiribati níos lú ná trí mhéadar ó mheánleibhéal na farraige agus tá talamh ceannaithe acu i dtír eile chun go mbeadh áit ag na daoine chun dul má imíonn, má imíonn Kiribati.

Peadar Mac Gaoithín

Tá na fíricí doshéanta a dúirt Ard-Rúnaí na Náisiúin Aontaithe, António Guterres, inniu.

Má tá ardú ar chaillteanas beatha agus bithéagsúlachta le seachaint, deir an Painéal go gcaithfear a bheith níos uailmhianaí agus gníomhú níos gasta anois le dul i dtaithe ar an athrú aeráide agus ciorruithe móra a dhéanamh ag an am chéanna ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Caithfear éiceachórais atá díghrádaithe a aischothabháil agus suas le 50% de thalamh, fíoruisce agus gnáthóga aigéin an domhain a chaomhnú go cothrom. Sin an dóigh a bheas² an tsochaí ábalta tairbhe a bhaint as cumas an dúlra, carbón a shú isteach agus a stóráil. Ach, tá géarghá le tacaíocht pholaitiúil agus airgeadais má táthar le gníomhú go héifeachtach ar son na haeráide, a deir an tuarascáil.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

¹ Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh ‘den’ agus ‘don’, agus urú ar ainmfhocail dar tús ‘d’ agus ‘t’.

² a bheidh